2018. M25T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018

# Matamaitic

## Bonnleibhéal

## Dé hAoine, 8 Meitheamh – Tráthnóna, 2:00 go dtí 4:30

300 marc

| Scrúduimhir |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

| Iomlán reatha | |
|---|---|

| Don scrúdaitheoir | |
|---|---|
| Ceist | Marc |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |
| Bónas | |
| Móriomlán | |

| Grád |
|---|
| |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | 200 marc | 8 gceist |
| Roinn B | 100 marc | 2 cheist |

Freagair na deich gceist go léir.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanfaidh tú é sin. Is féidir páipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir freisin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura bhfuil obair thacaíochta san áireamh i do réitigh.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na freagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.


Scríobh déanamh agus múnla d'áireamhá(i)n anseo:

## Roinn A — 200 marc

Freagair **na hocht gceist go léir** as an roinn seo.

**Ceist 1** **(25 marc)**

Taispeánann an línebhreacadh thíos na haoiseanna (ina mblianta) atá ag grúpa páistí.




**(a)** Faigh líon iomlán na bpáistí sa ghrúpa.

**(b)** Faigh meánaois na bpáistí sa ghrúpa.

**(c)** Scríobh síos raon aoiseanna na bpáistí sa ghrúpa.

**(d)** Cén céatadán de na páistí sa ghrúpa atá 7 mbliana d’aois nó níos mó?


**Ceist 2** **(25 marc)**

Taispeánann **Fíor 1** thíos tíl dhronuilleogach atá 8 cm ar fad agus 3 cm ar leithead.


**(a)** **(i)** Faigh achar na tíle.

Achar na tíle = $\quad\quad\quad$ cm$^2$

**Fíor 1**




**Fíor 2**




**(ii)** Cuirtear ocht gcinn de na tíleanna seo le chéile chun cruth dronuilleogach a dhéanamh, mar a thaispeántar i bh**Fíor 2**.
Faigh luach X **agus** luach Y.
Uaidh sin, faigh achar an chrutha dhronuilleogaigh ina bhfuil na tíleanna san áireamh.


Fad (X) = $\quad\quad\quad$ cm

Leithead (Y) = $\quad\quad\quad$ cm

Achar = $\quad\quad\quad$ cm$^2$

**(iii)** Uaidh sin, nó ar shlí eile, faigh achar na dronuilleoige báine atá i lár **Fhíor 2**.

**(b)** Is gá do Ruairí 1000 cm³ uisce ar a laghad a thabhairt ó thobar atá gar dá bhaile go dtí a rang eolaíochta ar scoil. Tá soitheach sorcóireach ag Ruairí le toisí mar a thaispeántar sa léaráid.




An mbeidh an soitheach seo mór go leor?
Cosain do fhreagra trí thoirt an tsorcóra a fháil.


Ríomh:

Freagra:


**Ceist 3** **(25 marc)**

Tá dhá rothlóir chóra chomhionanna roinnte ina dtrí theascóg atá cothrom lena chéile, mar a thaispeántar. Tá dath Dubh (D), Liath (L) agus Bán (B) ar na teascóga.
Rothlaítear na rothlóirí ag an am céanna agus tógtar nóta de na dathanna ar a gcríochnaíonn na pointeoirí.

An Chéad Rothlóir




An Dara Rothlóir




**(a)** **(i)** Comhlánaigh an tábla thíos chun na fothorthaí go léir is féidir a fháil a thaispeáint. Tá ceann amháin déanta cheana féin agus is é a chiallaíonn L, D ná Liath ar an gcéad rothlóir agus Dubh ar an dara rothlóir.

| | | **An Chéad Rothlóir** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Dubh** | **Liath** | **Bán** |
| **An Dara Rothlóir** | **Dubh** | | L, D | |
| | **Liath** | | | |
| | **Bán** | | | |

**(ii)** Faigh an dóchúlacht go bhfaighfí an dath céanna ar an dá rothlóir.

**(iii)** Faigh an dóchúlacht go bhfaighfí dath dubh ar rothlóir amháin agus dath bán ar an rothlóir eile.

**(b)** Tá Gráinne ag roghnú na ngníomhaíochtaí a dhéanfaidh sí san Idirbhliain.
Caithfidh sí gníomhaíocht amháin a roghnú as gach ceann de na grúpaí thíos.
Mar shampla, d'fhéadfadh sí Snámh, Beiriste agus Ealaín a roghnú.

| **Gníomhaíochtaí** | | |
|---|---|---|
| **Grúpa 1** | **Grúpa 2** | **Grúpa 3** |
| Snámh | Ficheall | Scríbhneoireacht Chruthaitheach |
| Cispheil | Beiriste | Drámaíocht |
| Iománaíocht | | Ealaín |

**(i)** Cé mhéad teaglaim éagsúil gníomhaíochtaí atá ag Gráinne?

**(ii)** De bharr í a bheith gortaithe, ní féidir le Gráinne páirt a ghlacadh sa chispheil ná san iománaíocht. Cé mhéad teaglaim éagsúil gníomhaíochtaí atá aici anois?



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 4** **(25 marc)**

**(a)** **(i)** Infheistíonn Fiachra €10 000 ar feadh 3 bliana ar 3·25% sa bhliain ús iolraithe. Cén luach iomlán atá ar an infheistíocht atá aige ag deireadh na 3 bliana? Bíodh do fhreagra ceart go dtí an cent is gaire.

**(ii)** Infheistíonn Caoimhe €10 000 ar feadh 3 bliana freisin. Ag deireadh na 3 bliana, faigheann sé íocaíocht úis aonuaire de 10%. Cén duine acu a fhaigheann an toradh is mó ar a infheistíocht **agus** cad é an difríocht idir na suimeanna deireanacha?


Freagra:

Difríocht:

**(b)** Malartaíonn Amanda £150 steirling ar euro. Is é an ráta malairte ná €1 = £0·916. Cé mhéad a fhaigheann sí? Bíodh do fhreagra ceart go dtí an cent is gaire.

**Ceist 5** **(25 marc)**

Tá Jamil ag pleanáil teilifíseán nua a cheannach.
Is féidir an múnla atá roghnaithe aige a cheannach i dtrí shiopa éagsúla.
Ríomh costas na teilifíse ar Jamil i ngach ceann de na trí shiopa.



**(a)** **Siopa A**
D'íocfadh sé éarlais €200 móide €25 sa mhí ar feadh 12 mhí.

**(b)** **Siopa B**
Is é an gnáthphraghas ná €600. Tá margadh ann agus tá laghdú 20% ar an ngnáthphraghas.

**(c)** **Siopa C**
D'íocfadh Jamil €22 sa mhí ar feadh 2 bhliain.

**(d)** Cé acu siopa inar chóir do Jamil an teilifíseán a cheannach má theastaíonn uaidh an méid is lú airgid a chaitheamh ar an iomlán?

**Ceist 6** **(25 marc)**

**(a)** **(i)** Cruthaíonn Sinead patrún uimhreacha agus í ag baint úsáide as na treoracha sa tábla thíos. Tá an chéad uimhir, 10, líonta isteach duit.
Líon isteach na huimhreacha atá in easnamh sa tábla.

| **Treoir** | | | |
|---|---|---|---|
| Uimhir thosaigh | 10 | 11 | 12 |
| Iolraigh faoi 3 | $10 \times 3$ | | |
| Suimigh 12 le do fhreagra | $30 + 12$ | | |
| Toradh | 42 | | |

**(ii)** Piocann Sinead uimhir thosaigh nua agus faigheann sí 60 mar thoradh.
Faigh an uimhir a phiocann sí.

**(b)** Tá 17 gcos san iomlán ag roinnt stólta, idir stólta 4-chosacha agus stólta 3-chosacha.
Cé mhéad stól 4-chosach atá ann?

**Ceist 7** **(25 marc)**

**(a)** Scríobh na huimhreacha seo a leanas in ord, ag tosú leis an uimhir is lú: 73%, $\frac{3}{4}$, 0·7, $\frac{4}{5}$.

**(b)** **(i)** Meastar go bhfuil daonra na hIndia thart ar 1 343 000 000 duine.
Scríobh an uimhir seo san fhoirm $a \times 10^n$, áit a bhfuil $1 \leq a < 10$ agus $n \in \mathbb{Z}$.

**(ii)** Tá Máire ar turas go dtí an India agus tá sí ag téacsáil cara lei mar gheall ar an daonra sa tír sin. Scríobh an uimhir 1 343 000 000 ina fhocail.

**(c)** **(i)** Tá 60 duine ar cóisir. Is é cóimheas na ndaoine fásta le páistí ná 1:5.
Cé mhéad duine fásta atá ar an gcóisir?


**(ii)** Tagann 8 nduine fásta eile chuig an gcóisir agus ní fhágann duine ar bith de na páistí.
Cad é cóimheas na ndaoine fásta le páistí anois?



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |


**Ceist 8** **(25 marc)**

**(a)** Tá cúlghairdín Naoise i gcruth na dronuilleoige ABCD mar a thaispeántar sa léaráid scálaithe thíos. Sa léaráid, seasann 1 cm do 1 m.
Is é [AD] cúlbhalla an tí.
Tá crann (T) gar do bhun an ghairdín, mar a thaispeántar sa léaráid.
Teastaíonn ó Naoise bord éan a chur in airde sa ghairdín. Caithfidh an bord a bheith 3 m ar a laghad ón teach agus 4 m ar a laghad ón gcrann. Bain úsáid as do rialóir agus as do chompás, agus **tarraing agus scáthaigh** an réigiún den ghairdín ina bhféadfaí an bord éan a chur.




Scála: Seasann 1 cm do 1 m.

**(b)** Taispeántar sa léaráid thíos clár cearnógach agus diosca ciorclach tarraingthe air.
Tá sleasa na cearnóige 20 cm ar fad.




**(i)** Faigh, ina $cm^2$, achar na cearnóige.

**(ii)** Faigh achar an diosca. Bíodh do fhreagra ceart go dtí an $cm^2$ is gaire.

**(iii)** Scríobh achar an diosca mar chéatadán d'achar iomlán na cearnóige.




| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

| Roinn B | 100 marc |
|---|---|

Freagair **Ceist 9** agus **Ceist 10** as an roinn seo.

**Ceist 9** **(50 marc)**

**(a)** Taispeántar an triantán *PQR* ar an léaráid thíos, áit a bhfuil $P = (3, 4)$, $Q = (11, 4)$, agus $R = (3, 10)$.




**(i)** Tarraing an triantán *ABC* ar an léaráid chéanna, áit a mbeidh $A = (1{\cdot}5, 2)$, $B = (5{\cdot}5, 2)$, agus $C = (1{\cdot}5, 5)$.
**Nóta:** tá an pointe C breactha duit cheana féin.

**(ii)** Is é an triantán *PQR* íomhá an triantáin *ABC* trí mhéadú le fachtóir scála *k* agus le (0, 0) mar lárphointe an mhéadaithe.
Bain úsáid as fad [*PR*] agus fad [*AC*] chun *k*, fachtóir scála an mhéadaithe, a fháil.

$|PR| =$

$|AC| =$

$k =$

**(iii)** Tá dronuillinn ag *P* sa triantán *PQR*.
Bain úsáid as Teoirim Phíotagaráis chun fad [*QR*] a fháil.

**(iv)** Úsáid na freagraí ar pháirt **(a)(ii)** agus ar pháirt **(a)(iii)** chun fad [*BC*] a fháil.

**(v)** Tá achar 6 aonad chearnacha sa triantán *ABC*.
Bain úsáid as sin, nó as slí eile, chun achar an triantáin *PQR* a fháil.

*Tá an cheist seo ar leanúint ar an gcéad leathanach eile*



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**(b)** Bhí ar Phroinsias an ríomhaireacht seo a leanas a dhéanamh.

$$\frac{251{\cdot}32 + 39{\cdot}14}{10{\cdot}3}$$

**(i)** I dtús báire, déanann sé meastachán ar an bhfreagra ba chóir a fháil.
Scríobh gach uimhir ceart go dtí an tslánuimhir is gaire, agus bain úsáid as na boscaí thíos chun an uimhir a fhaigheann Proinsias mar mheastachán a fháil.

$$\frac{\square + \boxed{39}}{\square} = \frac{\square}{\square} = \square$$

**(ii)** Ansin baineann Proinsias úsáid as áireamhán agus faigheann sé an freagra 255·12.
Mar gheall ar an meastachán atá aige, tá a fhios ag Proinsias nach bhfuil an freagra sin ceart. Faigheann Proinsias an freagra mícheart 255·12 nuair a chuireann sé é seo a leanas isteach san áireamhán:

251·32 [ + ] 39·14 [ ÷ ] 10·3 [ = ] 255·12

Mínigh cén fáth nach dtugann sé seo an freagra ceart ar an ríomhaireacht.

**(iii)** Bain úsáid as d'áireamhán chun luach ceart $\frac{251{\cdot}32 + 39{\cdot}14}{10{\cdot}3}$ a fháil.

**Ceist 10** **(50 marc)**

Bhí ar Bhrian taisteal óna theach go Corcaigh chun dul faoi agallamh do phost.
Thiomáin sé ar mheánluas 80 km san uair sa chéad $\frac{1}{2}$ uair.

**(a)** **(i)** Faigh an fad, ina km, a thiomáin Brian sa chéad $\frac{1}{2}$ uair.

**(ii)** Ansin thóg sé $1\frac{1}{2}$ uair air an 117 km eile go Corcaigh a thiomáint.
Cén meánluas, ina km/h, ar thiomáin Brian air an 117 km eile a bhí fós le taisteal aige?

**(iii)** Agus tú ag baint úsáide as an bh**fad iomlán** a taistealaíodh agus as an **am iomlán** a tógadh, cén meánluas a bhí faoi Bhrian ar an turas óna theach go Corcaigh?

*Tá an cheist seo ar leanúint ar an gcéad leathanach eile*




| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**(b)** Tar éis dó dul faoi agallamh, tairgeadh post mar dhíoltóir gluaisteán do Bhrian. Bhí rogha aige idir 2 chonradh éagsúla: Conradh A agus Conradh B. Bhí bunphá agus coimisiún ar gach carr a díoladh sa dá chonradh. Taispeánann Tábla 1 sonraí gach ceann de na conarthaí.

| | Tábla 1 | |
|---|---|---|
| | **Conradh A** | **Conradh B** |
| Bunphá sa tseachtain (€) | 400 | 600 |
| Coimisiún ar gach carr a dhíoltar (€) | 100 | 50 |

Taispeánann an graf sa ghreille thíos an pá seachtainiúil iomlán ar suas le 6 charr a dhíol sa tseachtain ar Chonradh A.




**(i)** Bain úsáid as an ngraf chun pá seachtainiúil iomlán Bhriain a fhail, dá ndíolfadh sé 3 charr seachtain áirithe ar Chonradh A.

**(ii)** Taispeánann **Tábla 2** thíos an pá iomlán ar Chonradh B ar suas le 6 charr a dhíol sa tseachtain. Comhlánaigh an tábla.

| **Tábla 2** | |
|---|---|
| **Líon na gcarranna a díoladh sa tseachtain** | **Pá seachtainiúil (€)** |
| 0 | 600 |
| 1 | 650 |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |

**(iii)** Bain úsáid as na luachanna i d**Tábla 2** chun an graf don phá seachtainiúil iomlán ar Chonradh B a breacadh ar an ngreille ar leathanach 18.

**(iv)** Scríobh síos pointe trasnaithe an dá ghraf.
Mínigh cad is brí le gach ceann den dá uimhir i gcomhthéacs na ceiste.

Pointe ( , )

Míniú:

**(v)** Síleann Brian gur féidir leis 5 charr a dhíol sa tseachtain ar an meán. Cé acu conradh is cóir dó a roghnú, dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra.

Freagra:

Cúis:

An Ardteistiméireacht, 2018 – Bonnleibhéal

# Matamaitic

Dé hAoine, 8 Meitheamh

Tráthnóna, 2:00 go dtí 4:30